An tOmbudsman Eorpach

Preas Ráiteas uimh. 21/2013

Glacann Parlaimint na hEorpa le moladh an Ombudsman maidir le húsáid na Gaeilge ar a suíomh gréasáin

18 Nollaig 2013

Déanann an tOmbudsman Eorpach fiosrúcháin ar ghearáin faoi dhrochriarachán in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an AE. Tá an ceart ag aon saoránach nó cónaitheoir an AE, nó ag aon fhiontar nó comhlachas i mBallstát, gearán a thaisceadh leis an Ombudsman. Tairgeann an tOmbudsman bealach tapa, solúbtha agus saor in aisce le fadhbanna le riarachán an AE a réiteach.

Le tuilleadh faisnéise a fháil:
www.ombudsman.europa.eu

Twitter:
@EUombudsman

Maidir le fiosruithe preasa:
Gundi Gadesmann, Leascheann an Aonaid Chumarsáide

T. +32 2 284 26 09

gundi.gadesmann@ombudsman.europa.eu

Fáiltíonn an tOmbudsman Eorpach, Emily Ní Raghallaigh, roimh ráiteas Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Martin Schultz, go n-úsáidfear an Ghaeilge ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte amach anseo. Tá an cinneadh seo déanta tar éis gearáin ó saoránach Éireannach. I Mí an Mheithimh 2013 d'iarr an tOmbudsman ar Pharlaimint na hEorpa úsáid a bhaint as an nGaeilge ar a suíomh gréasáin ar a laghad sna cásanna sin ina bhfáiltíonn an Pharlaimint roimh theagmháil ón bpobal.

Is éard a dúirt Emily Ní Raghallaigh: "Tá áthas orm go rachaidh Parlaimint na hEorpa níos faide ná mar a bhí molta agam. Ní amháin go mbeidh codanna den suíomh aistrithe go Gaeilge, ach tá sé beartaithe anois ag an bParlaimint an suíomh go hiomlán a bheith ar fáil trí Ghaeilge. Tá sé tábhachtach go mbeadh ar chumas an phobail dul i ngleic, ina theanga féin, leis an institiúid a dhéanann ionadaíocht dhíreach ar a shon. Is iontach an rud é go bhfuil an dearcadh sin ag an bParlaimint."

Parlaimint tiomnaithe stádas na Gaeilge a aithint

Sa bhliain 2012 chuir saoránach Éireannach gearán chuig an Ombudsman go raibh teipthe ar an bParlaimint ó 2007, nuair a bronnadh aitheantas ar an nGaeilge mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais, a suíomh gréasáin a chur ar fáil trí Ghaeilge. De réir an ghearánaí, bhí sé seo ag teacht salach ar phrionsabal an chomhionnanais idir na teangacha oifigiúla.

D'aithin an tOmbudsman chur chuige na Parlaiminte i leith an ilteangachais ina chuid oibre ó lá go lá ach, ag an am céanna, mhol sí don Pharlaimint na príomh-míreanna dá suíomh gréasáin a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Tá plean eisithe anois ag Uachtarán na Parlaiminte, Martin Schultz, ina leagtar amach ceithre ghníomh éagsúla chun a chinntiú go mbeidh leagan Gaeilge den suíomh gréasáin ar fáil roimh na toghcháin Eorpacha i Mí na Bealtaine 2014. Dúirt sé go raibh an-tábhacht ag baint leis an gceist seo ó thaobh Pharlaimint na hEorpa agus go bhfuil siad tiomnaithe stádas na Gaeilge a aithint.

Tá moladh an Ombudsman sa chás seo ar fáil ag http://www.ombudsman.europa.eu/ga/cases/draftrecommendation.faces/ga/51072/html.bookmark